

# Nuacht

## Foinse Príomhnuachtán náisiúnta na Gaeilge



### Ciste do ghnóthais

SA PHICTIÚR ar chlé, tá príomhfheidhmeannach an IEDR (Ireland's Domain Registry), David Curtin, in éineacht leis na tógálaithe óga, Adam Dunne agus Isaac Gunnip. Tháinig siad le chéile, le hiarraidh ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (SMEs) cur isteach ar áit ar chiste OPTIMISE an IEDR d'fhorbairt láithreán gréasáin do ríomhráchtáil. Níl ach 20 áit ar fáil. Tá gach eolas le fáil ar [www.why.ie/optimise](http://www.why.ie/optimise).

PIC: CONOR MCCABE PHOTOGRAPHY

### Tobhach: málaí siopadóireachta

NÍ FADA anois go mbeidh tobhach á ghearradh ar mhálaí siopadóireachta i dTuaisceart Éireann. Táthar chun an tobhach de 5p, a ghearradh ar chustaiméirí ón 8 Aibreán ar aghaidh. Beidh iallach ar mhiondíoltóirí 5p ar a laghad a bhaint amach ach beidh siad ábalta an táille a ardú más mian leo. Ní ar mhálaí plaisteacha amháin a bheas an tobhach seo á ghearradh áfach ach ar mhálaí aonúsaide atá déanta as ábhair nádúrtha freisin. Deirtear go bhfuil siad seo ábalta tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol freisin.

# Díomách ag fágáil Staid an Phiarsaigh

## Micheál Ó Conoala

BHÍ MÉ istigh i Stáid an Phiarsaigh i mbóthar na Trá le gairid ag breathnú ar pheileadóirí na Gaillimhe agus Loch Garman ag imirt i gceann de na cluichí sraithe.

Díomách go maith a bhí mé leis an gcaighdeán peile go háirithe sa gcéad leath nuair a bhí coir na gaoithe ag fir na Gaillimhe. Tar éis stolladh gaoth anoir a bheith taobh thiar dóibh ní raibh siad ach cúlín amháin chun tosaigh ag leath am. Aisteach go leor d'imir siad i bhfad ná b'fhearr sa dara leath nuair a bhí siad ag imirt in aghaidh

na gaoithe agus bhí bua cuimsitheach acu sa dheireadh. Chonaic mé a mhacasamhaíl d'imir acu in aghaidh Dhoire Cholmcille ar an láthair chéanna roinnt seachtainí roimhe sin agus tuilleadh dó arís in aghaidh Chontae na hIarmhí i dTuaim Dhá Ghualainn cúpla seachtain ina dhiaidh sin. Imbeagán focal, níl siad in ann aon éagsúlacht a chur ina gcuimhne agus is mara chéile a imríonn siad in aghaidh na gaoithe agus le coir na gaoithe ag caitheamh pasanna beaga láimhe thart eatarthu féin anonn agus anall trasna na páirce agus

gan ar a gcumas leas a bhaint as an ngaoth ná as luas a dtosaíthe. Ní dóigh liom go ndéanfaidh an fhoireann seo aon dul chun cinn nó go gcuirfidh siad athrú réabhlóideach ar a modh imeartha. Ní mór dóibh a bheith in ann pasana fada cruinne a thabhairt leis an gcois isteach sa spás. Cead ag na tosaithe ansin soláthar dóibh féin agus scór a aimsiú sula mbailíonn an iomarca de chúlaíthe an fhreasúra mórthimpeall orthu. Aisteach go leor, tugaim faoi deara go bhfuil cuid de na foirne peile is fearr sa tír

á dhéanamh seo ar ala na huairé. Fiú foireann Thír Chonaill a bhí chomh diúltach cúpla bliain ó shin, féach an éagsúlacht a thug siad isteach ina gcluiche anuraidh nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann. An cúl breá sin a scóráil Michael Murphy i gCraobh na hÉireann in aghaidh Mhaigh Eo ag tús an chluiche ba phas fada isteach leis an gcois ba chionsoicair leis.

## Traidisiúin

Ní hamháin sin ach cuireann sé iontas orm go mbeadh foireann na Gaillimhe, a bhfuil traidisiúin maith peile

acu le fada an lá, ag leanacht foirne eile nach bhfuil traidisiúin leath chomh maith acu. Imridís a gcluiche féin mar a chleacht siad riamh é.

Bidís in ann breith ar an liathróid i lár na páirce, pas fada isteach a thabhairt leis an gcois agus scóranna a thógáil ó cheathracha slat amach. Ní mór dóibh a thuiscint freisin go bhfuil sé i bhfad níos éasca cúl a aimsiú ná a cheapair. Ba cheart scileanna peile ar nós breith ar an liathróid san aer agus pas cruinn leis an gcois a bheith ar an gcéad chloch ar phaidrín an bhainisteora, Alan Mulholland. Rug 'Toto' Ó Griofa ar liathróid amháin i lár na páirce sa gcéad leath sin in aghaidh Loch Garman agus rinne sé maith do mo chroí. Faraor, ba é a locht a laghad.

Díomách: Disappointed  
Cóir na gaoithe: A favourable wind  
Cuimsitheach: Comprehensive  
Éagsúlacht: Variety

Réabhlóideach: Revolutionary  
Diúltach: Negative  
Ba chionsoicair leis: Brought it about  
A aimsiú: To get

### Gradam Gnó na nDéise 2013

FÓGRAÍODH sonraí Gradam Gnó na nDéise 2013 le déanaí agus tugtar cuireadh do ghnóthai i nDún Garbhán agus in Iarthar Phort Láirge páirt a ghlacadh ann.

Tugann an scéim seo aitheantas dóibh siúd a dhéanann iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid dá ghnó. Bronnfar duaiseanna de luach na míle euro ar bhuiteoirí i gceithre chatagóir éagsúla. Tá ainmniúcháin/léiríú suime á nglacadh faoi láthair. Beidh idir seo agus deireadh Bealtaine ag ghnóthai chun oibríú ar fhorbairt na Gaeilge. Tá gach eolas le fáil ar [www.waterfordcoco.ie/ga/seirbhisi/anghaeilgesachomhairle/gnoagusgaeilge/](http://www.waterfordcoco.ie/ga/seirbhisi/anghaeilgesachomhairle/gnoagusgaeilge/)



### Borradh faoi thaighde leicéime

TÁ BORRADH mór tar éis teacht faoi iarrachtaí taighde atá ar bun i nGaillimh le gairid, maidir le leicéime agus mialóma.

D'éirigh le pobal Cluain na Cúile i gCo Shligheach €12,500 a bhailiú le gairid don chineál seo taighde.

Thug siad an t-airgead a bhailigh siad d'Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe, le cuidiú leis an taighde atá á dhéanamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus in Ospidéal na hOllscoile, atá á chur chun cinn le cabhair ón Ollamh Michael O'Dwyer. Tá sé le feiceáil sa phictiúr thuas, leis na deirfiúracha Michella Bell, Martina Kennedy agus Sharon Herr as Cluain na Cúile. Féach [www.guf.ie](http://www.guf.ie)

### Donegal TV ag craoladh amárach

TÁ TOGRA nua forbartha i nDún na nGall ar a dtugtar 'Donegal TV'. Craolfar clár éagsúla seachtainiúla i gceitheamh na míosa agus cuirfear béim ar an Tóstal. Beidh siad ag craoladh gach Déardaoin ag 7pm ar líne ag [www.donegal.tv](http://www.donegal.tv). Tuairiscítear go mbeidh daoine mór le rá air sna seachtainí amach romhainn, leithéidí Packie Bonner agus Jim McGuinness (ar dheis).  
PIC: CRAIG STEWART / SPORTSFILE



# Foinse

Príomhnuachtán náisiúnta na Gaeilge

# Nuacht



An-éileamh: Tom Griffin, bunaitheoir an chomhlachta Éireannaigh, Internship USA.

## Taithí oibre luachmhar i Meiriceá do scoláirí

### Orla Bradshaw

TÁ COMHLACHT Éireannach, atá lonnaithe ar Fifth Avenue i Nua-Eabhrac, ag cur deis ar fáil do mhic léinn ar fud na cruinne, taithí oibre luachmhar a fháil le comhlachtaí sa chathair.

Bhunaigh Tom Griffin, ar as Port Láirge é ó dhúchas ach atá ina shaoránach Meiriceánach anois, Internship USA sa bhliain 2009. Tá a oifig buailte ar an Empire State Building.

Is é an sprioc atá aige intéirneacht le comhlachtaí margaidh, faisin, ailtireacht agus eile a shocrú suas do 200 duine i mbliana.

"Bhunaíomar an comhlach seo le freastal ar mhic léinn, fochéimithe agus céimithe ó thiortha éagsúla, a bhí ag iarraidh fáil a bheith acu ar na deiseanna iontacha atá ar fáil i Nua-Eabhrac ó thaobh slite beatha de," arsa Griffin.

Dúirt an tUasal Griffin le Foinse go bhfuil an

t-éileamh is mó ar an tseirbhís á léiriú ag daoine ón nGearmáin, ón Eilvéis agus ón tSín. Tá ardú ag teacht ar an méid spéise atá á léiriú ag Éireannaigh sna hintéirneachtaí chomh maith.

"Ceapaim go bhfuil athrú ag teacht ar an taithí ar Mheiriceá atá á lorg ag mic léinn Éireannacha," arsa Griffin. "Tá nós seanbhunaithe ann, go bhfaigheann mic léinn Éireannacha víosa J1 agus go dtéann siad go Meiriceá chun obair a dhéanamh i dteach tábhairne nó i mbialann.

Buntáiste "Feictear dúinn anois go bhfuil roinnt mac léinn ann atá ag iarraidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as a gcuid ama toisc go mbeidh siad ag cuardach poist i margadh fostaíochta atá thar a bheith dúshlánach. D'fhéadfadh taithí oibre trí nó sé mhí le comhlacht i Nua-Eabhrac buntáiste a thabhairt do mhic

léinn agus iad ag cuardach poist mar chéimithe." Tá 10 mbliana de thaithí ag Griffin ag obair in earnáil an ardoideachais sna Stáit Aontaithe. Tuigeann sé na dúshláin a sheasann roimh mhic léinn a thagann chuig an tír.

"D'fhéadfadh sé a bheith uafásach deacair ar mhic léinn, briseadh isteach i gcomhlachtaí i Meiriceá, go háirithe nuair atá siad ag déanamh iarrachta gach rud a eagrú ar ríomhaire sa bhaile. €1,500 an táille a ghearraimid ar ár seirbhís ach infheistíocht atá ann i do shlí bheatha.

"Eagraimid intéirneachtaí i mBoston, in Washington DC agus Philadelphia ach is saineolaithe ar Nua-Eabhrac muid. Is inneall eacnamaíoch i an chathair seo, is lárionad faisin í, is lárionad do na meáin í. Tagann daoine anseo agus athraíonn a saol."

Tá tuilleadh eolais fúthu ar fáil ar [www.international-study-usa.com](http://www.international-study-usa.com)

Comhlacht: Company  
Lonnaithe: Situated  
Sprioc: Target  
Intéirneacht: Internship

Fochéimithe: Undergraduates  
Seanbhunaithe: Well established

Dúshlánach: Challenging  
Earnáil: Sector  
Infheistíocht: Investment  
Lárionad: Centre



### Foirgneamh nua do Ghaelscoil ó dheas

BHAILIGH slua mór le chéile ag Gaeilscoil Dhroichead na Bandan, Corcaigh, le déanaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar oscailt oifigiúil an fhoirgnimh nua. Bhí na Teachtaí Dála Seamus Ó Dálaigh agus Micheál Mac Carthaigh ina measc siúd a bhí i láthair.

Is é seo an chéad uair ó bunaíodh an scoil i 1995, a bhfuil foirgneamh buan aici ar a suíomh féin. Chuir daltaí na scoile siamsaíocht den scoth ar fáil ar an lá - ghlac na naionán mhóra páirt ina leagan féin den dráma Goldilocks (thuas), agus chuir na daltaí ó ranganna eile rince Gaelach, amháin agus dáin ar fáil.

Dar le Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí an Fhorais Pátrúnachta, is sampla maith i Gaeilscoil Dhroichead na Bandan den éileamh mór ar ghaelscoileanna ar fud na tíre agus na buana a bhaineann leis an ngaelscoiláocht.

### Beirt sa chúirt as ionsaí a dhéanamh ar Jesse Ryder

TÁ BEIRT fhear le dul os comhair na cúirte sa Nua-Shéalainn amárach as ionsaí a dhéanamh ar iarchrúicéadaí de chuid na hÉireann, Jesse Ryder (28). Bhí ar dhochtúirí Ryder a choinneáil i gcóma de bharr an ionsaithe, a tharla an tseachtain seo caite in Merivale, Christchurch. Meastar go bhfuil bail sheasmhach air anois.

### Sraith nua raidió le hiarUachtarán na tíre

CUIREADH tús aréir le sraith nua ar RTÉ Raidió 1, *Mary Robinson, Talking to John Bowman*. Tá ceithre chlár ar fad sa tsraith nua seo agus beidh sí á craoladh anocht agus gach oíche eile go dtí an Aoine, an 5 Aibreán ag 10pm. Sa tsraith seo, beidh iarUachtarán na hÉireann (68, ar dheis), ag labhairt go mion faoi ghnéithe éagsúla dá saol.  
PIC: BRIAN THOMPSON



**FIONTAR**  
**Comhaltachtaí Taighde PhD (2013-16)**

Tá líon teoranta comhaltachtaí lánaimseartha taighde (ar €16,000 sa bhliain móide tálailí) á dtairiscint ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Sonrúcháin iomlána ar fáil ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie)  
Spriocdháta: 17 Bealtaine 2013.

Dublin City University,  
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## Ard-Fheis CnaG ar siúl i gCo an Dúin

BEIDH Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar siúl ón 5-7 Aibreán i mbliana in Óstán Chúirt na Canála ar an lár i gCo an Dúin. Cuirfeadh tús leis ag 8pm ar an Aoine agus beidh seimineár na hArd-Fheise, '120 bliain ag fás agus céard atá os ár gcomhair?' á réachtáil ar an oíche freisin. Imbuu cainte, beidh Cormac Ó hEaghra, Raidió na Gaeltachta, Niall Comer, Uachtarán Chomhaltas Uladh agus Seán Ó Coinn, Leas-Phríomhfheidhmeannach Foras na Gaeilge. Leanfaidh na himeachtaí ar aghaidh ansin i gceitheamh an lae ar an Satharn le ceardlanna, céilí, srl.

## Foras na Gaeilge

### Suirbhé Pobail

**Sprioc:** Is mien le Foras na Gaeilge freastal ar phobal léitheoireachta na Gaeilge agus céimeanna a ghlacadh a chuirfidh leis an bpobal sin. Chuirfeadh tús leis le Foras na Gaeilge mianta agus rianachais phobal na Gaeilge féin a mhéas. Cuideoidh torthaí an taighde seo le Foras na Gaeilge suntu ar an gcur chuige is fearr chun seirbhís nuachta a chur ar fáil do phobal na Gaeilge taobh istigh d'acmhainní teoranta an Fhorais.

**Aims:** Iarrtar ar an bpobal freagairt ar an suirbhé thíos a chur chuig Foras na Gaeilge faoi 12.00 meán lae an 16 Aibreán 2013. Is féidir an suirbhé seo a chomhlánú ar na dóigheanna seo a leanas:

- a. beo ar líne ag [www.gaeilge.ie/suirbhe](http://www.gaeilge.ie/suirbhe);
- b. cáipéis inscríofa a loslóidáil ó anseo agus a sheoladh ar ais chuig [suirbhe@forasnaGaeilge.ie](mailto:suirbhe@forasnaGaeilge.ie) nó cóip chrua a chur ar ais le casadh an phoist chuig: SUIRBHÉ, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath.

[www.gaeilge.ie/suirbhe](http://www.gaeilge.ie/suirbhe) - [suirbhe@forasnaGaeilge.ie](mailto:suirbhe@forasnaGaeilge.ie)